Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Stáisiúin Spéise

# Amhrán Chuigéil



Cruthaithe ag Microsoft Co-Pilot 2025



CC BY NC

# Stáisiúin Spéise - Amhrán Chuigéil

Logainmneacha a aimsiú ar léarscáil

Ceisteanna faoi véarsa a chumadh




Leas a bhaint as an teicneolaíocht

Cleachtadh ar fhoclóir


BY NC

# Stáisiúin Spéise - Amhrán Chuigéil

Tá ceithre stáisiún spéise. Tá na stáisiúin spéise don eiseamláir seo go léir bunaithe ar 'Amhrán Chuigéil'. Bíodh cóip de threoracha scríofa do gach stáisiún ar na boird. Rothlaíonn grúpaí de scoláirí ó stáisiún go stáisiún. Is féidir le grúpa tosú ag aon stáisiún. Bíonn sé nóiméad ag gach stáisiún.

## Logainmneacha a Aimsiú ar Léarscáil

Tá an chéad stáisiún bunaithe ar logainmneacha atá luaite san amhrán.

## Ceisteanna faoi Véarsa a Chumadh

Ag an gcéad stáisiún eile, léann na scoláirí véarsa ón amhrán. Déanann na scoláirí plé ar an véarsa. Cumann na scoláirí 5 cheist bunaithe ar an véarsa seo.

## Cleachtadh ar Fhoclóir

Beidh stáisiúin spéise eile bunaithe ar na canúintí. Ag an stáisiún seo, tá 5 fhocal ón amhrán a bhaineann le canúint Chonamara. Caithfidh na scoláirí na focail seo a phlé agus iarracht a dhéanamh samplaí de na focail a scríobh i gcanúint eile.

## Cleachtadh ar Chanúintí (abair.ie)

Ag an stáisiún deireanach, beidh deis ag na scoláirí cleachtadh a dhéanamh ar chanúint Chonamara. Ag an stáisiún seo, is féidir le scoláirí gléas teicneolaíochta a úsáid chun leas a bhaint as abair.ie. Is féidir leis na scoláirí líne ón amhrán a chur isteach sa suíomh seo agus éisteacht leis an líne i gcanúint Chonnacht. Ba chóir do gach scoláire deis a fháil aithris a dhéanamh ar a bhfuil siad tar éis cloisteáil.


CC BY NC


# Logainmneacha a aimsiú

1. Léigh véarsa 1 agus 2 den amhrán.

2. Aimsigh na logainmneacha a fheiceann tú ar an léarscáil. Cuir ciorcail timpeall orthu.

3. Déan cuardach ar dhá logainm nach bhfuil ar an léarscáil ar scoilnet maps agus cuir poistín ar an áit a bhfuil sé.


CC BY NC


scoilnet maps
web mapping for Irish schools
OSi Maps
Search for a Location in Ireland
Ballinafad
N59
Oughterard
Carrowmoreknock
Gortnagroagh
Roundstone
N59
Maigh Cuilinn
Carna
Cill Chiaráin
Béal an Daingin
Leitir Móir
Casla
An Cheathrú Rua
Garmna
Leitir Meallain
Indreabhán
An Spidéal
Baile na hAbhann
Bearna
GAILLIMH

# Ceisteanna faoi véarsa a chumadh

1. Ag baint úsáid as na forainmneacha ceisteacha seo a leanas, cum ceithre cheist faoin dá véarsa chun ábhar an amhráin a fhiosrú (cén áit, cé, cad, cén sórt).

2. Pléigh na freagraí ag an stáisiún.


CC BY NC



# Cleachtadh ar fhoclóir

1. Féach ar na cúig fhocal ón amhrán atá ar an leathanach (tada, rástaí, currach, chuile áit agus dúidín).

2. Scríobh amach an focal i gcanúint eile.

3. Pléigh na freagraí ag an stáisiún.


BY NC

| | San amhrán | Leagan eile |
|---|---|---|
|  | tada | ________________ |
|  | rástaí | ________________ |
|  | currach | ________________ |
|  | chuile áit | ________________ |
|  | dúidín | ________________ |



BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Leas a bhaint as an teicneolaíocht

1. Cuir do rogha líne ón amhrán isteach in abair.ie, brúigh ar chanúint Chonnacht (nó ar chanúint eile) agus éist leis.

2. Déan aithris ar an méid a chloiseann tú.

3. Bain súp as!



CC BY NC